

**SAOR
IN AISCE**
sna trí paróistí

Goitse

Uimhir 8
Aibreán 2011

Deireadh le Scéim na bPuntaí

Tá an riatas ag cur deireadh le "Scéim na bPuntaí" mar is fearr aithne ar Scéim Labhairt na Gaeilge thart anseo.

Ní raibh sé soiléir gur sin an cás go dtí Dé Céadaoin nuair a tháinig sé chun solais ar *Bharrscéalta* ar Raidió na Gaeltachta agus d'admhaigh urlabhraí do Roinn na Gaeltachta go mbeadh siad ag cur deireadh leis an scéim ag deireadh na scoilbhliana seo.

De réir Dinny McGinley, fógraíodh go mbeadh deireadh leis an scéim anuraidh nuair a bhí Pádraig Ó Ciardha ina Aire Gaeltachta agus níl dul siar ar bith ar an chinn-eadh seo.

Dúirt sé nach raibh an cinneadh in éadan treoirilínte Straitéis Fiche Bliana a aontaíodh idir na páirtithe polaitíochta agus eagraíochtaí Gaeilge.

Ach cáineadh an cinneadh ag cuid mhaith de na heagraíochtaí Gaeltachta a bhí páirteach sna cainteanna a dtáinig an plean straitéiseac as.

Bhí formhór na n-eagraíochtaí sin ar aon tuairim nár éirigh le Scéim Labhairt na Gaeilge a cuid aidhmeanna a bhaint amach agus go raibh sé thar am feabhas a chur uirthi ach nach raibh iomrá ar bith ar rud ar bith a chur ina háit nuair a cuireadh deireadh léi.

Mar shampla, i ráiteas a d'eisigh Guth na Gaeltachta, dúirt siad "Níor chóir deireadh a chur leis an SLG (Scéim Labhairt na Gaeilge) gan scéim eile theacht ina áit. Bunaíodh an SLG le tacaíocht nó aitheantas a thabhairt do theaghlach na Gaeltachta atá ag tógáil a gclann le Gaeilge agus tá an bunaidhm sin anois níos tábhachtaí inniu ná mar a bhí ariamh."

Bhí pointe suntasach le déanamh fosta ag Donncha Ó hÉallaithe, fear as Conamara a bhíonn ag plé le staitisticí a bhaineann leis an Ghaeltacht agus leis an Ghaeilge.

De réir Dhonncha, úsáideann seisean figiúirí ón scéim le monatóireacht a dhéanamh ar líon na nGaeilgeoirí sa

Ghaeltacht agus, go deimhin, deir sé go n-úsáideann an Roinn iad féin a gcuid figiúirí féin le staitisticí a ghineadh dá gcuid tuarascí féin.

Deir Ó hÉallaithe nach mbeidh na figiúirí sin ar fáil ag a leithéid, nó ag an Roinn, nó ag teangeolaithe, muna gcuirtear scéim eile ar bun anois in áit Scéim na bPuntaí.

Tógadh ceist dátaí coláistí traenála ag roinnt daoine fosta.

Deir Gráinne Mhic Géidigh as Mná Tí na Gaeltachta go mbíonn áiteacha curtha in áirithe ag coláistí do dháltaí as an Ghaeltacht agus go mbaintear úsáid as an scéim le aitheantas a thabhairt do na dálaí sin.

Fríd is fríd, bhí chóir a bheith ach an duine a raibh tuairim acu faoin scéim ar aon intinn nár éirigh leis an bunaidhm a bhaint amach ach dúirt formhór mhór acu gur chóir scéim inteacht eile bheith in áit sula ndearnadh ar shiúl leis an scéim mar a bhí.



Mary Hiúdaí Shiúbhána Uí Cholla agus a cáca breithlae. Bhí oíche cheiliúrtha aici le gaolta agus le cairde i gCarraig Mhic Gairbheith ar na mallaibh. Tuairisc agus grianghraif ar leathanach 5

ISTIGH

3: Scoltacha Beaga Gaeltachta faoi bhagairt

FÓGRAÍ POBAIL
LGR 7

9: Ar Seachrán: Siúlóid an Chlocháin Bhig

11: Blag na mBuataisí



12: Focla Mhici

14: Gearrscéal le hEoghan Mac Giolla Bhríde

Carraig Fhinn slán... go fóill

D'fhógair an tAire Iompanir Leo Varadkar go bhfuil sé ag seasamh leis an chonradh d'Aerphort Dhún na nGall cé go bhfuil deireadh ag teacht le deontaisí a bronnadh ar aerphoirt réigiúnda eile.

Cuirfeadh deireadh le maoiniú aerphortanna réigiúnacha i Sligeach, Port Lairge, Cnoc Mhuire agus Gaillimh i mí Iúil. Is fiú €15 an paisinéir na deontaisí, ach i ndiaidh an dáta sin beidh orthu infheistíocht agus aerbhealaí úra a chuartú.

Rinne an iar-aire Noel Dempsey athnuachan ar an deontas d'aerphoirt Dhún na nGall agus Ciarraí sular fhág sé oifig.

Is iad Aerphort Dhún na nGall agus Aerphort Shligigh a fhaigheann an méid is mó deontaisí, gur fiú €69 an paisinéir iad i gcomparáid le €15 an eitilt a fhaigheann na haerphoirt réigiúnacha eile.

Sa tréimhse cúig bliana atá caite bronnadh €131 milliún ar na haerphort réigiúnacha, €37 milliún de sin ar Dhún na nGall agus Sligeach a d'iompair 500,000 paisinéir sa tréimhse céanna.

Reachtáileann an Aerphort Dhún na nGall eitiltí ón Charraig Fhinn go dtí Baile Átha Cliath agus go Glaschú (chomh maith le seirbhís rialta ó Rotterdam.) Tá an-tábhacht ag baint leis

an aerphort ó thaobh fostaíochta de sa cheantair agus cuidíonn sé go mór le turasóirí a mhealladh isteach sa cheantair i rith na bliana. Chomh maith leis sin braitheann cuid mhór othair ailse ar na heitiltí chun freastail ar an ospidéal i mBaile Átha Cliath.

Tá lúcháir ar dhaoine sa cheantar go bhfuil an tseirbhís riachtanach seo slán ar feadh tamaill agus go bhfuil dea-scéal ann do dhaoine atá ag brath ar thurasóireacht.

Ciallaíonn sé sin go leanfar leis an tacaíocht a thugar don aerphort ar feadh ar a laghad, trí bhliain eile.

Bronntanais carthannachta scoláirí Phobalscoil Ghaoth Dobhair



Rang Idirbhliain Phobalscoil Ghaoth Dobhair ag bronnadh seic €1400 ar John Mc Devitt do Áras Ghaoth Dobhair (Ionad Banaltranaís). Rinne siad féilire 2011 a dhéanamh agus a dhíol go háitiúil leis an airgead a chruinniú.



Denise Ní Cholla, ar son rang LCVP 5ú Bliain i bPobalscoil Ghaoth Dobhair ag bronnadh seic €810 ar Áine Friel agus Ann Cannon ó Make a Wish Foundation. D'éagraigh an rang LCVP Tráth na gCeist sa scoil le goirid.



Rang 3ú Aoife ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair a bhailigh €2,221.10 do Choiste Alzheimers Ghaoth Dobhair. Rinne siad siúlóid urraithe i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheithe. Bhronn siad an seic ar Chathaoirleach Choiste Alzheimers Thír Chonaill, Alastair Mc Kinney agus ar Róisín Mhic Giolla Bhríde, Banaltra Alzheimers in Ionad Lae Ghaoth Dobhair. Rinne siad é mar thionscnamh CSPE don Teastas Sóisearach 2011.

Scléip na Pobalscoile

CAOL DÍREACH... go ceann scríbe!

gaeilge.ie

THE IRISH LANGUAGE SUPERHIGHWAY

An Ghaeilge
The Irish Language

Foghlaim
Learning

Usáid
Using

Eolaire
Directory

Foras na Gaeilge
Foras na Gaeilge

Ní gá dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Pé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh www.gaeilge.ie do thuras.

Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:

- cúrsa/ imeacht a fhógairt nó a iarraidh,
- do shainpéis a chlárú (chun nod a fháil nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an sulomh), nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.

Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chibeir-ghaeltacht inniu!

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course/ event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-gaeltacht!

do nasc leis an teanga **your link to the language**

Foras na Gaeilge T. 1850 325 325 / 0845 309 8142 (T.É.) P. eolas@forasnagaeilge.ie



(Ar clé:) Eva Ní Dhoibhlinn agus Ciaran Mac a Gheimhridh, Pobalscoil Ghaoth Dobhair a bhuaidh an comórtas drám-aíochta ag Scléip 2011 i nDoire. (Thuas:) Cathal Ó Cuireáin, a ghlac páirt i Scléip '11 le goirid.



Jennie Nic Giolla Chearra, a sheinn an fhidil ag Scléip 2011.


Ceithleann Ní Dhuibhir Ní Dhúlacháin agus Neasa Bheáid, Pobalscoil Ghaoth Dobhair, a ghlac páirt sa chomórtas rince cruthaíoch.




Antoin de Blárach agus Emma Ní Fhuaruisce, Pobalscoil Ghaoth Dobhair a ghlac páirt sa chomórtas do ghrúpaí ceoil nua-aimseartha ag Scléip 2011 i nDoire le goirid.




Megan Nic Ruairí a ghlac páirt sa chomórtas do cheol traidisiúnta agus clasaiceach.



Scoil Mhachaire Rabhartaigh



Scoil Mhín na Mánrach



Scoil Chaiseal na gCorr

Scoltacha beaga Gaeltachta faoi bhagairt

Tá bagairt á dhéanamh ar scoltacha beaga ar fud na tíre agus ta an scéal céanna amhlaidh anseo i nGaeltacht Iarthuaisceart Dhún na nGall. Faoi pholasaí úr an rialtais, tá athbheithníú á dhéanamh ar achán scoil sa tír a bhfuil níos lú ná 50 dála iontu.

Is é an aidhm ata leis an athbheithníú seo na roinnt scoltacha beaga a chomhnascadh agus, ar an dóigh sin, airgead a shábháil ar chaiteachas oideachais.

Míníonn an Roinn Oideachais go bhfuil brú millteanach ar a gcuid maoinithe agus gp gcaithfidh siad gearradh siar ar chaiteachas in achán ghné den Roinn.

Dar leo nach bhfuil sa pholasaí úr ach lóghic agus nach bhfuil sé indéanata acu cuid de na scoltacha beaga a choinneáil foscailte.

Tá ceithre scoil i gceantar s'againne a bhfuil níos lú ná 50 dála ann, Mín na Mánrach, Caiseal na gCorr, Mín an Chladaigh agus Machaire Rabhartaigh.

I gcás Mhachaire Rabhartaigh,

thiocfadh leo bheith sábháilte go leor mar tá siad díreach ar an imeall den líon dálaí.

Ach tá an trí scoil eile i mbaol gan amhras ar bith.

Níl ceann ar bith acu sásta leis an chóras mar atá molta ag an Roinn, áfach, agus tá siad ag fáil tacaíochta ó eagraíochta pobail agus ó choistí tuismitheoirí.

Mar shampla, tá ráiteas láidir eisithe ag Guth na Gaeltachta maidir leis an chomhnascadh, ag iarraidh ar dhaoine scríobh chuig an Roinn agus aighneacht a dhéanamh faoi na scoltacha beaga.

San aighneacht a rinne siad féin, dúirt Guth na Gaeltachta go raibh gá le athbheithníú mar seo impleachtaí Phlean Fiche Bliain na Gaeilge a thabhairt isteach sa áireamh, go háirithe i gcás scoil Gaeltachta ina raibh an Ghaeilge mar phríomh-theanga oideachais ag comhnascadh le scoil eile Gaeltachta ina raibh an Béarla mar phríomh-theanga oideachais, nó meascán den dá theanga.

Tá an pointe sin tábhachtach i gcás

Scoil Mhí na Mánrach.


Tá an scoil sin suite i bParóiste an Chlocháin Léith, an t-aon scoil sa pharóiste a bhfuil an Ghaeilge mar phríomh-theanga teagaisc inti agus, má dhruideann siad í, níl scoil ar bith eile sa pharóiste a bheadh ábalta na seirbhísí céanna a chur ar fáil do dháltaí ata ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge ón chead lá a thoisigh siad ar an scoil.

Chan amháin sin, ach tá an príomhoide dearfa nach bhfuil a dhath ar bith le gnothú ag an rialtas as an scoil a dhruid.

Dúirt Bernie Ní Dhuibhir go bhfuil an chosúlacht ann go sábhálfadh an rialtas thart fá €30,000 sa bhliain dá ndruidfí an scoil.

Ach dar léithe nach mbeadh sábháil ar bith mar sin ann dá gcuirfí costaisí taistil do na páistí san áireamh.

In achán scoil atá faoi bhagairt, deir lucht tacaíochta na scoile an rud céanna, gur tubaiste a bheadh ann don phobal áitiúil dá ndruidfí na scoltacha beaga seo de thairbhe go bhfuil siad ag croí an phobail agus go dtabharann



siad an pobal sin le chéile d'imeachtaí na scoile.

Tá ábhar eile ar a n-aontaíonn na coistí uilig agus sin go bhfuil méid millteanach airgid caite le blianta beaga anuas ar na scoltacha beaga seo le iad a thabhairt go dtí caighdeán ard agus nach bhfuil fadhbanna ar bith acu le seomraí ranga sealadach nó barraíocht páistí a bheith i scoil ar

bith. D'athródh sé sin, a deir lucht tacaíochta na scoltacha beaga, dá mba rud é gur dhruideadh cúpla scoil bheag sa cheantar agus go mbogfaí na dálaí isteach i scoil eile nach raibh ullmhaithe do na dálaí breise.

Níl a fhios againn an bhfuil catagóir mar sin sa scarbhileog ag Roinn an Oideachais.

Billí uisce á ndéanamh réidh ag an Rialtas Meastar go mbeidh costas suas le €1billiún ar chur isteach na méadair uisce

Tá billí úra á ndéanamh réidh dúinn ag Roinn an Chomhshaoil.

Tá sé sa phlean rialtais ag Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre go mbeidh táillí uisce á ndíol ag gach teach atá nasctha le seirbhís phoiblí uisce agus, fiú roimh an cháinfaishnéis atá beartaithe don mhí seo chugainn, tá a fhios againn go mbeidh méadar uisce ag dul isteach in achán teach sa tír agus beidh

na billí ag dul amach ina dhiaidh sin.

Leoga, thiocfadh leis go mbeadh billí againn sula raibh na méadair istigh mar tá caint ann ar meán-bhille a thomhais agus sin a úsáid go dtí go bhfuil na méadair réidh.

Tá sin séanta ag an Aire Comhshaoil Phil Hogan a d'admhaigh sa Dáil go raibh brú ag teacht ón Aontas Eorpach agus ón IMF na

méadair a chur isteach sna tithe.

Dúirt sé nach gcuirfí táillí uisce i bhfeidhm go dtí go raibh na méadair istigh.

Meastar go gcosnóidh na méadair €500 milliún le cur isteach ach, nuair a chuirtear ús agus aisiocanna eile san áireamh, thiocfadh leis go gcosnóidh sé suas le €1 billiún.

Bheadh an obair atá de dhith leis an córas a chóiriú giota maith níos saoire ná sin.

Má tá argóint le déanamh faoi dhaoine íoc as seirbhísí poiblí, tá argóint eile le déanamh, agus tá sé déanta ag Teachtaí sa fhreasúra, nár cuireadh infheistíocht mar is ceart sa chóras uisce le blianta fada anuas agus go bhfuil uisce ag sileadh amach as píopaí ar fud na tíre.

Deir siad gur chóir an córas a réiteach sula raibh caint ar bith ar tháillí a chur ar uisce sa bhaile.

Níl amhras ar bith ann ach go mbeidh agóidí agus clabh-súr faoin chinneadh seo agus tá an grúpa Éirigí i ndiaidh preas-ráiteas a eisiúint ag iarraidh ar dhaoine sa cheantar seo diúltú na táillí uisce a íoc.

Deir páirtithe eile atá in éadan chinneadh an rialtais nach bhfuil ann ach cáin eile ar an ghnáth-dhuine le aisioc a dhéanamh ar bhotúin na mbanc.

Tá an rialtas fosta ag rá go

bhfostófar suas le 1,800 duine thar thréimhse trí bliana leis na méadair a chur isteach.

Ar an taobh eile de, deir Sinn Féin, Thomas Pringle agus an United Left Alliance go dtiocfadh leis an méid sin daoine, agus níos mó, a bheith fostaithe ag cóiriú na bpiopaí briste ar fud na tíre agus go mbeadh an obair sin uilig le leas mhuintir na tíre in áit na dtáillí a rachadh chun sochair na mbanc.

EAGARFHOCAL**Rialtas Úr,
Seanpholasaithe**

Tá sé cothrom is bliain ó tháinig an chéad eagrán de *Goitse* amach agus tá muid iontach bródúil as an ceann seo a chur amach. Ag an am seo anuraidh, cé gur moladh muid, dúradh fosta nach mairfeadh an páipéar ach cúpla eagrán. Bhal seo anois muid, bliain níos sine agus, b'fhéidir, rud beag níos críonna. Agus a leithéid de bhliain a bhí againn!

Sa chéad eagrán, chuir muid an cheist ar an chéad leathanach "Cá bhfuil ár dTeachta Dála?" Más cuimhin libh, bhí an scéal sin faoin easpa TD a bhí sa toghcheantar agus an cás dlí a ghlac Piaras Ó Dochartaigh in aghaidh an rialtais.

Idir sin agus seo, bhí dhá thoghchán againn sa chuid seo tíre agus chumhdaigh *Goitse* an bheirt acu chomh cuimsitheach agus a thiocfadh linn.

Is beag a shíl muid go n-athródh an saol polaitiúil sa chontae go hiomlán taobh istigh de bhliain agus nach mbeadh ionadaí ar bith ag Fianna Fáil as an toghcheantar seo sa Dáil. Má d'athraigh féin, áfach, is beag an difear atá le feiceáil idir an rialtas a bhfuair muid réitithe de agus an ceann úr. Arís, gealladh rudaí dúinn le linn an fheachtais toghchánaíochta agus, an uair amháin a fuair na páirtithe greim ar an chumhacht, a mhalairt a rinne siad.

**An seo an t-athrú mór ar vótáil
daoine dó sé seachtainí ó shin?**

Caidé a tharla don seasamh láidir in éadan an IMF agus Banc Ceannais na hEorpa? Anois, tá siad ag caint ar tháillí uisce a chur orainn gan an córas uisce, atá briste ar fud na tíre, a chóiriú. An seo an t-athrú mór ar vótáil daoine dó sé seachtainí ó shin? Níor athraigh ach na aghaidheanna.

Tá na polasaithe céanna agus an dearcadh céanna ag an rialtas úr seo agus a bhí ag Fianna Fáil agus an Comhaontas Glas. Amharc mar shampla ar an dóigh a thug siad ar shiúl an gás atá amach as cósta na tíre seo agus thug trioblóid isteach i gceantar beag Gaeltachta i gContae Mhaigh Eo. Níl an rialtas úr ag dul rud ar bith a dhéanamh le cúrsaí ansin a athrú ar chor ar bith. Caithfidh muintir Ros Dumhach, Ghleann na gCad, Pholl a' Tómais agus Cheathrú Thadhg cur suas le fórsa slánmdála príobháideach ag cur isteach ar shaol na ndaoine ó lá go lá gan cosaint ar bith a fháil ón stát ach nuair a sháraíonn Shell rialacha an stáit, ligtear leo. Leoga, ta an chuma ar an scéal go mbíonn na Gardaí ar thaobh na comhlachta i gcónaí, is cuma caidé an chúis ghearáin atá ag muintir na háite.

Tá an rialtas seo fá choinne an rud ceannann céanna a dhéanamh le hacmhainn nádúrtha eile sa tír, na coillte. Tá pleannanna ag an rialtas fáil réitithe de chuid den "seodra clainne" le focla Margaret Thatcher a úsáid agus ar bharr an liosta tá Coillte agus Bord na Móna.

Chomh maith leis sin, tá siad ag bagairt scoltacha beaga a dhruid ar fud na tíre. Tá na scoltacha beaga sin millteanach tábhachtach i gceantar ar bith tuaithe ach tá siad níos tábhachtaí arís i gceantar Gaeltachta. Murab é go raibh siad ann, bheadh croí ceantracha beaga imithe agus, i gcás na Gaeltachta, tá gach seans ann go gcaillfí an rogha ag tuismitheoirí a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge. Mar ná bíodh amhras ar bith ann, tá pobail bheaga Gaeltachta ag brath go mór ar na scoltacha seo. Chonaic muid roimhe seo gur mhaolaigh ceantar nuair a druideadh an scoil agus stad daoine de bheith ag caint i nGaeilge.

Ach is féidir stop a chur leis an pholasáí úr seo má tá pobal láidir ag tabhairt tacaíochta dá gcuid scoltacha.

Tharla sé roimhe seo sa Ghaeltacht seo.

Sna seachtóidí agus sna hochtóidí, bhí bagairt ar dhá scoil sna Rosa, Rann na Feirste agus Mín na Mánrach arís. An t-am sin, tháinig daoine le chéile le cinneadh rialtais a throid agus, seachas achan rud a dúirt polaiteoirí ag an am, níor thit an spéir ar dhuine ar bith agus coinneadh an dá scoil foscailte. Níl de dhíth i ndairíribh ach pobal láidir seasamh le chéile agus a gcearta a éileamh. Agus tá pobal láidir thart fán áit seo. Níl le déanamh agat ach amharc thart ar an méid daoine a dhéanann obair dheonach ar son an phobail sin, bíodh sé sna clubanna óige, sna foirne peile, sna hionaid phobail agus sna heagraíochta carthannachta.

An scéala is déanaí ón rialtas ná go bhfuil siad ag déanamh ar shiúl le "Scéim na bPuntaí", nó Scéim Labhairt na Gaeilge. Ní thiocfadh le duine ar bith a rá gur scéim mhaith a bhí inti ach tá an chuma air go bhfuil an rialtas ag fáil réitithe di mar mhaithe leis an sábháil airgid agus gan smaoinemh ar bith acu ar cén scéim a chuirfeadh siad ina háit.

Tá níos fearr ná sin tuillte ag pobal na Gaeltachta.

CARTÚN**Scadán Caoch**

1980



"Caithfidh muid uilig ár gcriosanna a theannadh"

2010



"Caithfidh muid uilig an t-uallach a iompar"

2011



"Tá an phian ag gabháil a bheith rannta orainn uilig"

**Cá háit
a bhfuil
seo?**

Tá muid buíoch d'Acadamh na hOllscoilaíochta Gaeilge as roinnt seanghrianghráf a thabhairt dúinn den cheantar seo.

An dtig leat oibriú amach cá háit ar glacadh an ceann seo?

Is fiú go maith dul ann anois agus an difear a fheiceáil.



Ceiliúradh 104 bliain Mary Hiúdaí Shiúbhána

Dónall Mac Giolla Chóill

Bhí oíche mhór i gCarraig Mhic Gairbheith ar an Chéadaoin 4 Aibreán seo caite agus Mary Bn Uí Cholla, nó Mary Hiúdaí Shiúbhána mar a b'fhearr aithne uirthi, ag ceiliúradh agus aois 104 bliain slán aici.

I measc a clann, cairde agus comharsana, chaith Mary oíche siamsaíochta le ceoltóirí áitiúla, ina measc a garíníon Noeleen Ní Cholla agus a cara Kayle Reed ag dul i mbun amhránaíocht agus ceol ar an chláirseach.

Bhí teach Uí Cholla ar an Charraig ag cur thar maol agus muintir na háite ansin le comhghairdeas a dhéanamh le Mary, agus bhí an tAthair Donnchadh Ó Baoill ar an láthair le bonn comórtha ó Uachtarán na hÉireann a bhronnadh ar Mary.

Seo an ceathrú bonn faighte aici ó shroich sé an chéad i 2007.

Rugadh Mary Hiúdaí ar 5 Aibreán 1907, agus fágann sin go bhfuil cuimhne aici ar mórimeachtaí an chéid seo caite.

Liosta le háireamh an méid a tharla ó rugadh Mary. Ó seoladh agus báthadh an Titanic i 1912, dhá Chogadh Domhanda, 1914-18 agus 1939-45, Éirí amach na Cásca, Cogadh na Saoirse, Cogadh na gCarad, agus faraor go leor cogaidh eile.

Ach ní liosta diúltach go hiomlán é; is mór na hathruithe atá ar saol 2011 agus mar a bhí Gaoth Dobhair ar oíche an Dhaonáirimh i 1911.

Agus tá Mary ar an dá cheann, agus gach ceann ar déarnamh le céad bliain anuas.

Gach céad bliain foilsítear sonraí dhaonáirimh an chéad seo caite, agus a bhuíochas d'Éamonn Mac Giolla Bhríde, ceantalaí áitiúil a rinne taighde ar dhaonáireamh 1911, chonacthas dó go raibh



Mary Hiúdaí Shiúbhána Uí Cholla agus a mac altrama Peadar Ó Colla agus a bhean chéile Bernie Uí Cholla lena cáca breithlae.



An Charraig, mar a bhí san sean-am. Rugadh Mary Hiúdaí ar 5 Aibreán 1907, agus fágann sin go bhfuil cuimhne aici ar mórimeachtaí an chéid seo caite.



Mary Hiúdaí Shiúbhána Uí Cholla agus an teaghlach: Ó chlé Noeleen Ní Cholla, Eoghan Pól, Rónán agus Peadar Ó Colla, Rosie Ní Cholla, Bernie Uí Cholla.

sonraí Mhary ar fáil ar líne.

Chaith sí oíche an Dhaonáirimh i 1911 i dtí Uncaill léi, fear darbh ainm Bráinigh Bhriain, a raibh cónaí air ar an Charraig fosta. Bhí sean aintín Éamonn, Mary, pósta ar Bhráinigh Bhriain.

Is mór na hathruithe atá feicthe aici ó líonadh isteach an fhoirm agus gan inti ach

cailín bheag darbh ainm Mary Gallagher.

Tá leictreachas faoin tuath, tá córas uisce i ngach teach, tá barraíocht stáisiúin teilifíse ann, tá an teilifís féin ann, raidió, gutháin agus idirlíon, deireadh le heitean agus go leor galair eile a bheadh coitianta agus Mary ag fás aníos.

D'fhulaing Mary agus a glún go leor cruatáin thar na blianta, le géarchéimeanna eacnamaíochta agus an Spealadh Mór sna 20í.

Agus i ndiaidh blianta an rachmais agus an Tíogar Ceilteach tá muid ar ais ag an droch am.

Ach tá Mary sona sásta, chonaic sí seo roimhe.

Goitse

Glac fógra le do nuachtán áitiúil

Rátaí fógraíochta an-reasúnta ar fáil ach teagmháil a dhéanamh linn ag goitsenuacht@gmail.com



Fáilte curtha roimh chomharthaí sábháilteachta Ghort an Choirce

Le cúpla mí anuas tá comharthaí úra tráchta crochta i nGort a' Choire.

Is comharthaí iad a bheir rabhadh do thiománaithe go bhfuil Ceamaraí Luais ag oibriú ar an baile. Cuireann Coiste na mBailte Slacht-

mhara Ghort a' Choire fáilte roimh na comharthaí seo agus táthar ag súil go mbeidh siad éifeachtach leis an trácht a mhoilleadh.

Is é 50 ciliméadar an uasluasteorainn ar an sráidbhaile ach tóitear go minic gluais-

teáin, idir charranna agus leoraithe, ag briseadh an teora luais seo agus iad ag rásaíocht fríd an bhaile.

Is ceantar uirbeach é an sráidbhaile, áit a mbíonn coisithe agus páistí scoile ag siúl go laethúil, agus bíonn ar an

trácht moilleadh laistigh de na comharthaí luasteorainn atá suite ar dhá thaobh an bhaile.

Táthar ag súil go mbeidh tiománaithe freagrach agus go gcloifidh leis na teora luais agus iad ag tiomáint.



Seomraí de dhith do Chomórtas Peile Chloich Cheannfhaola

Tá CLG Chloch Cheannfhaola, atá ag reachtáil Chomórtas Peile na Gaeltachta i mbliana ag iarraidh ar dhaoine sa cheantar seo a guid doirse a oscailt ag na mílte cuairteoirí a bheas ag teacht chuig an chomórtas.

Gach bliain, tig na mílte go dtí an Comórtas Peile, ní amháin don pheil do don Chailín Gaelach agus don chraic!

Beidh an comórtas i gCloch Cheannfhaola ar dheireadh seachtaine saoire bainc Meithimh agus, go dtí seo, tá spás faighte ag an choiste áitiúil do na foirne uilig a bheas ag teacht chuig

an cheantar le bheith ag imirt ach deir siad go bhfuil seomraí de dhíobháil taobh amuigh de Chloch Cheannfhaola fosta ar bhonn leaba agus bricfeasta do na cuairteoirí eile.

Seo seans duit cúpla punt a dhéanamh duit féin agus cuidiú leis an choiste áitiúil fosta. Má choinníonn tú scoláirí sa tsamhradh agus má tá an spás agat an deireadh seachtaine sin, níl le déanamh agat ach dul i dteagmháil le Orla Ní Ghrádaigh ar 0879164814 nó le Sandra Nic Íomhair ar 0876205346.

Beidh siad iontach buíoch díot as do chuidiú.



Glanadh an Traigh Cúl ag an Fhál Charrach

Bhuail suas le 20 duine le chéile ar an Traigh Cúl ar an Satharn an 19 Márta leis an bhrúscar a ghlanadh ón tráigh.

Bhí an lá eagraithe ag an grúpa comhshaoil MEAS Iarthuaisceart as Cloch Cheann Fhaolaigh, oibrithe

deonacha agus an grúpa Glan agus Glas as an Fhál Charrach.

Bhí scipe brúscair curtha ar fáil ag an Comhairle Contae comh maith le málaí agus miotógaí.

Bhain achan duine sult as an lá agus

bhí an aimsir go breá. Líonadh mól málaí agus tá cuma i bhfad níos deise ar an tráigh anois.

Gabhann an grúpa comhshaoil MEAS míle buíochas daofa siúd uilig a thug lámh chuidithe ar an lá.

Colún Dan Frank

"Plus ça change...?"

Nuair a thoisigh an bholscaireacht a theacht isteach leis an phost, shíl mé gur éirigh an rialtas úr as oifig i nganfhiós dom agus go raibh toghchán eile againn.

Ansin d'amharc me ar na cártaí beaga gránna agus níor aithin mé aghaidh ná ainm duine ar bith acu agus ní raibh "logo" páirtí polaitíochta ar cheann ar bith acu.

Má bhí toghchán againn, cá háit a raibh Pearse Doherty nó Brian Ó Domhnaill, Fianna Fáil agus Sinn Féin?

D'amharc me arís ar na cártaí agus thug me faoi deara go raibh Litir um Thoghchán scríofa sa choirnéal ag achan cheann acu.

An raibh deireadh leis an rialtas úr cheana féin? An raibh réabhlóid i ndiaidh tarlú i nganfhiós dom?

Ní hea.

D'amharc mé arís ar na cártaí agus thug mé faoi deara gur toghchán fá choinne Seanad Éireann a bhí i gceist.

Anois, níl a fhios agam caidé mar a mhóthaíonn sibhse faoin tSeanad ach le léamh faoi na hiomaitheoirí, tá sé soiléir go gcreideann siadsan gur ansin a dhéantar achan chineál cinnidh a bhaineann le saol sóisialta, polaitiúil agus eacnamaíochta na tíre.

Bíonn chóir a bheith achan duine acu ag caint ar an dóigh ina dhéanadh siad déileáil le Banc Ceannais na hEorpa agus an IMF agus iad ag caint fosta ar an jab iontach a dhéanfaidh siad ag réiteach fadhbanna móra na hÉireann, gan bheith ag caint ar an domhan mór taobh amuigh den tír seo.

Ach má d'amharc tú ar

Oireachtas Report ar RTÉ riamh, nó má chonaic tú sliocht díospóireachta ar an Nuacht, thuigfeá nach bhfuil sa tSeanad ach seomra díospóireachta nach bhfuil cumhacht ar bith acu, cosúil le hIonad Scíste do pholaiteoirí nár éirigh leo suíochán a bhaint amach sa Dáil, nó a chaill a suíochán.

Ní hionann sin is a rá nach bhfuil daoine maithe fiúntacha sa tSeanad. Tá.

Rinne leithéidí David Norris jab iontach agus labhair Shane Ross amach go héifeachtach faoin slad a rinneadh ar gheilleagar na tíre ag na bainc.

Ach níl tionchar ar bith acu ar dhliithe an stáit, seachas moltaí a chur chun tosaigh. Ní thig leo stad a chur le dlí.

Cad chuige an bhfuil a oiread daoine ag iarraidh fáil isteach sa tSeanad, mar sin?

Caithfidh sé go bhfoghlaímíonn siad cuid mhaith fá nósanna an rialtais nuair atá siad ann.

B'fhéidir gur ullmhúchán maith atá ann don chéad fheachtas toghchánaíochta eile.

Ach d'fhoghlaim muid uilig ó chás Ivor Callely go bhfuil go leor airgid le gnothú ag na Seanadóirí, idir phá agus chostaisí, nach bhfuil ar fáil ag an ghnáth-dhuine.

An rud é gur sin an fáth go bhfuil a oiread suime ag daoine sa tSeanad?

Is rud aisteach amach is amach an Seanad, cibé duine atá ann.

Tá seasca acu ina mbaill den chlub is saibhre i mBaile Átha Cliath.

Ceaptar 11 acu ag an Taoiseach (déarfainn seachtar as Fine Gael agus ceathrar as Páirtí an Lucht Oibre) agus toghann Teachtaí Dála



"Má d'amharc tú ar Oireachtas Report ar RTÉ riamh, nó má chonaic tú sliocht díospóireachta ar an Nuacht, thuigfeá nach bhfuil sa tSeanad ach seomra díospóireachta nach bhfuil cumhacht ar bith acu, cosúil le hIonad Scíste do pholaiteoirí nár éirigh leo suíochán a bhaint amach sa Dáil, nó a chaill a suíochán."

agus Comhairleoirí Contae 43 eile ar phainéil éagsúla.

Fágann sé sin an seisear a thig as na hollscoileanna agus sin an míniú atá ar na cártaí seo ag titim fríd an bhosca litreach i dtoigh s'againne.

Má fuair tú céim as Ollscoil Náisiúnta na hÉireann (UCD, Corcaigh, Gaillimh agus Má Nuad) nó as Coláiste na Tríonóide, tá vóta agat.

Muna bhfuair, níl ionchur ar bith agat ar an tSeanad nó ar na daoine a bheas ag spalpadh leo ar feadh chúig bliana.

Tá céim ag mo bhean as Ollscoil

na Gaillimhe agus níl céim ar bith agamsa.

Mar sin de, tá cead aici rogha a dhéanamh ar cé a gheibh an "cushy number" i dTeach Laighean agus níl agamsa.

Dá mbeadh sé so ag tarlú i Libia nó i dtír inteacht san Afraic, bheadh cláracha faisnéise ar an teilifís faoin easpa daonlathais sa tír sin agus bheadh polaiteoirí ag gloach ar na húdaráis athruithe móra a dhéanamh.

Tharla se seo le linn an fheachtais toghchánaíochta ar na mallaibh.

Bhí Fine Gael ag tosach an tslóigh

ag rá go gcuirfeadh siad deireadh leis an tSeanad.

Ba chóir daofa sin a dhéanamh anois, nó chomh gasta agus is féidir leo reifreann a chur le cheile, mar tá daoine ag déanamh go bhfuil na boic seo ag magadh orainne nach bhfuil céim againn as "Ivory Tower" inteacht.

Ach ná bí ag súil leis an reifreann seo i mbliana, má tá sé ar bhealach ar bith cosúil le reifrinn eile atá geartha ag rialtais na tíre seo.

Caidé a tharla don reifreann le páistí a chosaint?

Níl iomrá ar bith air anois, cé gur sin ceann de na píosáí dlí is tábhachtaí sa tír.

Tá sé breá furasta acu reifreann a chur os ár gcomhair nuair is mian leo muid vótáil ar son tuilleadh cumhachta a bheith ag an Choimisiún Eorpach agus fiú an dara ceann a reachtáil nuair a fuair siad an freagra contráilte uainn an chéad uair.

Ach má tá rud inteacht práinneach a bheadh le leas na ndaoine, ar nós cosaint páistí nó reifreann art an "bail-out", mar dheá, níl an t-am no na háiseanna acu.

Rinne an Íoslainn seirbhís dá guid daoine nuair a reachtáil siad reifreann ar théarmaí an mhargaidh a thairg an IMF dóibh agus chaith siad amach é.

Cé go bhfuil rialtais ar fud na hEorpa ag cáineadh mhuintir na hÍoslainne dá bharr, beidh meas acu orthu féin gur sheas siad suas in éadan an mhargaidh a d'fhágadh an tír briste agus maoin an náisiúin díolta le fiacha bancanna a íoc.

Níl siadsan sásta sin a dhéanamh agus níor chóir dúinne ligint dóibh é a dhéanamh orainne ach an oiread.

Siopa Carthanachta

An Uaimh: Siopa Pobail Tá "An Uaimh" athchóirithe anois, uaireanta oscailte 10.00 r.n. – 9 i.n. Luain – Aoine. Neart earraí beagnach úr ar phraghas réasúnta, éadach, bréagáin, CD/DVD, Pictiúir, Bargains Galore! Ionad Naomh Pádraig – www.ionadnp.ie

Tobar na Leabhar

Tá réimse leathan leabhar dara láimh ar díol chomh maith le leabhair páistí, €2 an leabhar, ina measc tá stoc breá de leabhair Gaeilge le ligint amach ar cíos. Ionad Naomh Pádraig – www.ionadnp.ie

Cúrsaí

Córas In-athnuaise Fuinnimh

Fetac Leibhéal 5 – Cúrsa 12 Seachtain, 3 uair sa tseachtain, níl ach 4 spás fágtha.

Cúrsa Ceamara Digiteach agus Picasa ag toiseacht Dé Luain 11 @ 7 p.m. cur scairt ar an Ionad.

Ranganna Feadóig Stain

An bhfuil suim agat a bheith



mar bhall de Banna Ceoil, no an bhfuil suim agat an fheadóg stáin a fhoghlaim? Beidh ranganna ag toiseacht do thosaitheoirí Dé Luain 11ú Aibreán. Páistí: 5 – 6 i.n. Daoine Fásta: 6 – 7 i.n. Fáilte romhaibh Tuilleadh eolais ar na himeachtaí seo ar fáil ó Mháire no Annelene ag 074 9532949, nó cuir ríomh phost ar ionadnp@eircom.net

Le díol

Bocsaí / Coimeádáin Múirín

Tá bocsaí muirín de chuid na Comhairle Contae ar díol anois ag na Tithe Gloine i gCill Ulta. €13.00 an ceann. Dóigh mhaith le do chuid muirín féin a dhéanamh agus laghdú a dhéanamh ar an bhia a fhágann boladh cáidheach sa bhocsa bruscair — ag coinneáil do chuid bruscair níos glaine agus níos

tirim. Más mian leat ceann a cheannach ba cheart scairt a chur ar Seán Ó Duibhir ag 074 918 0994.

Fógraí Pobail

Más mian leat poiblíocht a dhéanamh ar ócáid pobail déan teagmháil le goitsenuacht@gmail.com



Más mian leat seaneagrán de Ghoitse a cheannacht déan teagmháil le goitsenuacht@gmail.com

Aonach
Bhraighní
29 Bealtaine
Teach Phete, Doirí Beaga

Más mian le héinne stáinnín a chur in áirithe le hearraí ceardaíochta, báicéireachta, glasraí, uibheacha, subh mílis srl a dhíol, déan teagmháil le Micheál Choilm 086 8845476

nó

Fidelma Phete 087 9525326

Ní mór na stáinníní a bheith curtha in áirithe roimh ré.

Níl Greibhlí (bric-a-brac) ceadaithe.



Bubba Shakespeare i mbun rapála ag Cabaret Craiceáilte Márta

Cabaret Craiceáilte lán go doras

Bhí teach pacáilte arís toigh Hiúdaí Bhig Dé Sathairn 26 Márta. Tháinig scaifte as gach carn den tír le héisteacht le leithéidí Johnny Og Connolly, Rí Thoráí, Patsy Dan Mac Ruairi, Brionín Ó Beaglaíoch, Seaghan Mac an tSionnaigh, Bubba Shakespeare, Majella agus Lisa Nic Pháidín, Máire Áine Ní Iarnáin, Doimnic Mac Giolla Bhrighde agus Caoimhe Ní Chathail.

Chuir Doimnic tús leis an oíche le seit iontach i gcuideacht a chomrádaí leis an olldord agus chuaigh sé ar aghaidh ó shaibhreas go saibhreas, idir hip-hop, damhsa ar an tsean-nós, boscadóireacht den chéad scoith agus amhránaíocht as chóir a bheith achan chuid de Chúige Uladh.

Bhí cuairteoirí ann ó Bhéal Feirste, as Doire, as Tír Eoghain agus as Ard Mhacha,

gan a bheith ag caint ar mhuintir Mhuineacháin!

Is ar éigean go raibh spás ar bith ann do mhuintir na háite!

Agus tá níos mó den tsaibhreas atá sa Chabaret geallta daoibh ag an chéad Chabaret eile.

Ta an Henrietta Game, sár-racghrúpa as Baile Átha Cliath ag teacht ar ais Dé Sathairn 30 Aibreán.

Beidh an fidiléir iomráiteach Daithí Ó Dronnaigh, a bhí sa chraobh ceannais den chomórtas "Sky - Must Be the Music" agus an "ALL Ireland talent Show" ag teacht go Gaeltacht Thír Chonaill den chéad uair fosta.

Bhí seit ceoil Dhaithe, atá cumtha aige féin, ar cheann de na buaicphointí ag Electric Picnic na bliana anuraidh agus mheall sé na mílte chun é a fheiceáil ag seinm ar

stáitse Body & Soul.

Sheinn sé a chuid ceoil os comhair 100,000 duine ag Staid Wembley i Londain Shasana anuraidh fosta.

Beidh an sár-amhránaí / cumadóir Feargal Ó Béara as An Spidéal, Conamara, ag canadh a chuid amhráin pholaitiúla, réabhlóideacha féin, cosúil le "An Cine Meata srl.

Bhí Feargal ag an Chabaret roimhe sa bhliain 2009 agus bhain an scaifte sult mhór as a chuid amhrán.

Beidhamhránaí álainn as Poblacht na Seice, Katrina Garcia, ag canadh amhráin "Shephardic" ar an oíche fosta.

Beidh aoí-amhránaithe agus ceoltóirí eile ar an stáitse fosta ag an Chabaret Craiceáilte Tigh Hiúdaí, An Bun Beag Dé Sathairn 30 Aibreán 2011. Bígí craiceáilte leo!



Máire Áine Ní Iarnáin, Conamara, ag damhsa ar an sean-nós i dTigh Hiúdaí Bhig.



Bubba Shakespeare



Rí Thoráí, Patsy Dan Mac Ruairi agus baint sult as an Cabaret



Johnny Óg Connolly, Conamara, le tionlacan ó Bhrionán Ó Beaglaíoch ar an ghiotár agus Seaghan Mac an tSionnaigh ar an olldord



Seán Mac Corraidh, Béal Feirste, ag ceol ag Cabaret Mhárta.

AR SEACHRÁN

Siúlóid an Chlocháin Bhig

Is bealach é seo a thabharfas tú síos taobh an Ghaoith fríd choillíní beaga de chrainn dúchasacha, aníos ar chasán beag idir claiocha chloch éibhir le garrantaí glasa ar achan taobh, ar an sean líne traenach thar chaorán fraoigh, suas ar thalamh ard amach ar an Chnoc Glas agus anonn ag bun an Ghrogáin Mhóir, síos bealach an Rampair agus ar ais ag an Ghaoth.



Níl sé ró-chrochta in áit ar bith, agus tá rogha idir siúlóid gearid (thart ar uair go leith), agus ceann níos faide agus giota beag níos crochta (dhá uair go leith go trí huair). Tá casán maith i rith an bhealaigh ach tá sé giota beag mí-chothrom in áiteanna agus ní mór bróga maithe siúlóide a bheith ort leis na murláin a chosaint nuair atá do aird ar áilleacht na tíre.

Amharc ar dtús ar an léarscáil den siúlóid atá ag taobh an bhealaigh ag Ionad Naomh Pádraig ag croisbhealach Dobhair. Tá an-obair déanta ag an choiste

ansin ag foscailt na siúlóide seo, á mapáil agus ag leagan síos na gcomharthaí beaga treoracha.

Síos leat ansin go dtí an Rampair (an chéad bealach ar dheis i ndiaidh chroisbhealach Dobhair ag dul i dtreo Chroichshlí, roimh an stáisiún pheitрил). Tá an stáisiún leictreach ag bun an bhealaigh seo. Fág do charr



nó rothar ag taobh an bhealaigh ansin. Roimh droichead an stáisiúin tá bealach beag ar chlé, le comhartha "Siúlóid an Chlocháin Bhig". Toisigh ansin ag dul timpeall bhun an Ghaoith, áit aoibhinn ar fad. Glac an chéad chabhsa beag ar dheis. Nuair a thagann tú amach ar an bhealach mór ag Dobhair, trasnaigh an bóthar

agus gabh cúpla céad slat ar dheis. Díreach roimh Ionad Dobhair tá casán ag dul isteach sa chaorán ar thaobh do láimhe clé. Nuair a thagann tú fhad le cúpla teach, tiontaigh ar chlé le tú a thabhairt amach ar an phríomhbhealach. Trasnaigh an bóthar agus gabh díreach ar aghaidh isteach ar chabhsa an chaoráin ar an taobh eile.

Anois tá rogha agat leanacht leis an chasán sin, nó tiontú ar clé roimh coiréal mór, agus an lúb fada a ghlacadh. Téann seo suas agus amach i dtreo na hEaragaile maorga. Nuair a leanann tú an lúb thart, beidh tú ag tabhairt droim leis an Earagail agus beidh radharc ar an Ghaoth, na hoileáin agus an ceantar uilig ag foscailt amach fút. Ná glac

an chéad nó an darna casadh ar dheis ach lean an lúb. Ansin buailfidh tú leis an bhealach gearid arís. Gabh ar clé, agus tiocfaidh tú amach ag an bhealach mór i gCroichshlí. Trasnaigh, agus cúpla céad slat ar chlé, tiontaíonn tú ar dheis síos bealach an Rampair arís agus ar ais go dtí an áit ar thoisigh tú. Bain sult.



FIONN

An Bradán Feasa

ISBN 978-0-898332-42-1 €7.50

Dóiteoir na Samhna

ISBN 978-0-898332-43-8 €7.50

Ar fáil ó:
LEABHAR BREAC
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593592
eolas@breacan.ie

www.fionn.ie

Léitheoireacht do na páistí...
le Máire Ní Ghallchobhair

Ar fáil ó:
LEABHAR BREAC
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593592

LEABHAR BREAC

www.leabharbreac.com

Leathanach Comhairle

Íocaíochtaí maidir le leanaí 18 mbliana d'aois agus níos sine

Ceist: Tá an liúntas do lucht cuardaigh fostaíochta á fháil agam. Tá triúr buachaillí agam atá 15, 17 agus 18 mbliana d'aois. Tá siad in oideachas lánaimseartha. Stop mé ag fáil Sochar Leanaí don bhuaicill a bhí 18 mbliana i 2010 ach, fuair mé íocaíocht bhreise €15 gach seachtain ar m'íocaíocht leanaí cáilithe mar gheall air. An bhfaighidh mé í seo nuair a bheidh mo chéad leambh eile 18 mbliana d'aois?

Freagra: Cuireadh stop le Sochar Leanaí do leanaí 18 mbliana d'aois agus níos sine ó Eanáir 2010 (beag beann ar cé acu an bhfuil siad in oideachas nó nach bhfuil). In 2010, fuair tuismitheoirí a bhí ag brath ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh íocaíocht chúiteach €15 sa tseachtain do leanaí cleithiúnacha a bhí 18 mbliana d'aois.

Ní íocfar an íocaíocht chúiteach seo a thuilleadh in 2011. Dá bhrí sin, nuair a bheidh do chéad mhac eile 18 mbliana d'aois, ní bhfaighidh tú an Sochar Leanaí ná íocaíocht chúiteach maidir leis an mbuaicill sin. Beidh tú fós i dteideal méadú ar íocaíocht linbh cháilithe le d'íocaíocht leasa shóisialaigh d'aon leambh atá in oideachas lánaimseartha (go dtí go mbeidh sé 22 bhliain d'aois). Beidh an méadú

don leambh cáilithe seo fós €29.80 in aghaidh na seachtaine in 2011.

Ba chóir duit a chuimhneamh go mbeidh ort a dheimhniú i 2011 go bhfuil do mhac atá 15 bliana d'aois fós in oideachas lánaimseartha nuair a bheidh sé 16 bliana d'aois chun a chinntiú go leanar ar aghaidh le íocaíochtaí an tsochair leanaí. Ba chóir duit foirm Sochar Leanaí (CB2) a chomhlánú mí roimh a 16ú breithlá. De bharr go bhfuil tú ag fáil Sochar Leanaí dó cheana féin, cuirfidh an rannóg Sochar Leanaí sa Roinn Coimirce Sóisialaí foirm iarratais chugat. Caithfidh ceann de na daoine seo a leanas an fhoirm a shíniú agus a stampáil:

- An scoil nó an coláiste má tá do leambh in oideachas lánaimseartha
- FÁS má tá do leambh ar chúrsa lánaimseartha ógtheagmhála
- Dochtúir má tá do leambh faoi mhíchumas

Tá faisnéis le fáil ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh chomh maith, íosghlaoigh 1890 777 121.



Seo píosa comhairle a fuair muid ó mhuintir MABS ar na Doirí Beaga. Is seirbhís saor in aisce é MABS a thugann comhairle do dhaoine ar a gcuid fiacha agus ar fhadhbanna eile airgeadais. Tá foireann Goitse iontach buíoch dóibh as am a ghaicadh leis an colún seo a chur le chéile dúinn mar bíonn siad thar a bheith gnoitheach ar an aimsir seo. Tá súil againn go bhfuil sé úsáideach ag ár gcuid léitheoirí. Beidh colún mar seo againn anois agus arís nuair ata an deis ag foireann MABS iad a chur le chéile dúinn.

Airgeadas Carr agus Athshealbhú

Caidé atá le déanamh má tá deacrachtaí agat aisíocaíochtaí a dhéanamh?

Déan teagmháil le do bhanc nó comhlacht airgeadais chomh luath agus is féidir le do chás a mhíniú. Cuir ceist orthu anm dtig leo do chomhaontú a athstruchtú leis an méid a dhíolann tú achan seachtain nó mí a laghdú sa dóigh is go mbeidh sé níos éasca duit do aisíocaíochtaí a bhainistiú. Déan nóta ma dhéanann siad seo; b'fhéidir go mbeadh costas athsceidealú ann.

Déan scrúdú ar cá mhéad atá fágtha le díol agat ar an chomhaontú le do bhanc nó comhlacht airgeadais. Má tá fadhbanna airgeadais níos leithne agat, léigh an plean gníomhach seo le cuidiú leat.

Má tá níos mó ná leath phraghas an fhruilcheannach díolta agat

Thig leat an carr a thabhairt ar ais agus fógra scríofa a thabhairt go bhfuil tú ag cur deireadh leis an chomhaontú atá agat. Uaireanta bheireann siad an "leath-riail" air seo.

Ní chaithfidh tú aon airgead dlite eile a dhíol faoin chomhaontú.

Má bheireann tú an carr ar ais an bealach seo, déan cinnte *nach* síníonn tú foirm géilleadh deonach. Má dhéantar damáiste don charr agus tú á thabhairt ar ais, faoin "leath-riail" caithfidh tú costas na ndeisthe a dhíol.

Muna bhfuil leath phraghas an fhruilcheannach díolta agat

Amharc suas an méid breise a chaithfidh tú a dhíol sa dóigh is go mbeidh leath phraghas an fhruil-cheannach díolta agat. Thiocfadh leis seo bheith níos saoire ná an carr a bheith athshealbhaithe nó an carr a ghéilleadh go deonach. Má dhéantar damáiste don charr agus tú á thabhairt ar ais, faoin "leath-riail" caithfidh tú costas na ndeisthe a dhíol.

Muna bhfuil tú ábalta do chuid aisíocaíochtaí a dhíol agus muna bhfuil sé ar do chumas leath phraghas an fhruilcheannach a dhíol

Sé an t-aon rogha, b'fhéidir, atá agat na an carr a ghéilleadh. Déanann tú seo tré an fhoirm géilleadh deontach a shíniú. Déanfaidh an chomhlacht airgeadais amach an méid fiacha atá fágtha agat, díolfaidh siad an carr agus díolfaidh tusa an difear.

Oibríonn géilleadh deonach sa dóigh chéanna is a oibríonn athshealbhú ach is dóiche go gcosnóidh sé níos lú duit mar, má tá an carr athshealbhaithe, beidh agat fiacha athshealbhaithe a íoc agus fiacha fá choinne an carr a aimsiú agus a tharraingt.

Má tá ag tabhairt an carr ar ais, cuirfidh na hiasachtóirí fiacha ort de ghnách chun an carr a thógáil. Muna bhfuil tú ag iarraidh seo a dhéanamh, thig leat ceist a chur orthu an dtig leat an carr a thabhairt ar ais chuig áit a fhóireann don bheirt agaibh.

Sula dtugann tú an carr ar ais, thig leat pictiúr a ghlacadh de. B'fhéidir go mbeadh agat cruthú nach dtearadh damáiste dó nuair a thug tú ar ais é.

Mar, ma tá damáiste déanta, beidh agat na deisthe a dhíol. B'fhéidir gurbh fhíú do mheicneoir gluasteáin féin an obair a dhéanamh sula dtugann tú an carr ar ais.

An féidir do charr a athshealbhú?

Ach amháin i gcúinsí áirithe. Má dhíol tú níos lú ná trian de chostas an fhruilcheannach, thig leis an chomhlacht airgeadais an carr a thabhairt ar ais gan caingeán dlí a ghlacadh i d'éadan. Ní thig leis an iasachtóir seo a dhéanamh ach amháin má bhriseann tú téarmaí an chomhaontaithe, mar shampla tré íocaíochtaí bheith ar iarraidh.

Má dhíol tú níos mó ná trian de chostas an fhruilcheannach, ní thig leis an iasachtóir do chearr a athshealbhú gan caingeán dlí a ghlacadh i d'éadan. Ní thig leis an chomhlacht airgeadais do charr a athshealbhú ag do theach, fiu amháin má dhíol tú níos lú ná trian de chostas an fhruilcheannach.

An gcuirfidh seo isteach ar mo stair creidmheasa?

Má dhéantar athshealbhú ar do charr nó ma tá sí géillte go deonach, caithfidh tú an méid atá fágtha le díol a dhíol ar ais chuig an chomhlacht airgeadais Cosúil le hiasacht nó le morgáiste, má bhíonn tú gann ar íocaíochtaí nó muna bhfuil tú ábalta an méid atá acu ort a dhíol ar ais, cuirfidh seo isteach ar do stair creidmheasa. Má dhíolann tú ar ais níos mó ná leath de chostas an fhruilcheannach agus ansin do chomhaontú a chriochnú, ní bheidh aon airgead eile le díol agat.

UOAR.1E

An4poil.com

cuplafocal.ie

LITERIUCHT.COM

Seachrán na Mic Uí gCorra

Pádraig Ó Gallachóir

Scéalta Ban ó Thuaisceart na hÉireann

Silvia Calamati

cnas.1e

Maggie Sallan agus Gailleach na Farráige

Proinsias Mac a' Bhaird

www.COISCEIM.ie

Leabhair na nGael

Léitheoireacht san Teorainn

Scéalta Trinn - Scéalta Pinn. Úrscéalta, Gearrscéalta, Fíorscéalta, Ficseán, Prós, Filíocht, Leabhair do Sháilgeoirí

Fón: +353 01 8322609 coisceim@coisceim.ie

Snámhóirí Gaeltachta agus scéalta eile

Gabhán Ó Fachtna

Gabhla An tOileán

Máirín Uí Fhearraigh

Cé go bhfuil síneadh tagtha ar an lá níl an feirm slán ón sioc (ná ón sionnach) mar a mhíníonn Bríd na mBuataisí ina blag.



Blag na mBuataisí

Bhuel, tá Lá na bPancóga, nó Máirt Inide thart agus tá síneadh ag teacht ar na laethanta anois agus is deas an rud seo a fheiceáil. Cé go raibh biseach ag teacht ar an aimsir, is cosúil go bhfuil an geimhreadh ar ais arís ar feadh tamaill. Níl a fhios agat a choíche cad é atá thart an coirnéal, agus mar sin níl mórán siolta curtha taobh amuigh go fóill; bhí eagla orainn go dtiocfadh sioc agus go mbeadh siad scriosta, agus bhí an ceacht againn, is mór an gar nár chuir muid a dhath taobh amuigh go fóill. Mar sin tá muid ag tosú na siolta taobh

istigh i iomadóirí, bíonn na siolta ag teacht áirithe ansin, teacht a tabhaireann cuidiú do na siolta fás go dtí go mbíonn siad láidir go leor le cur taobh amuigh.

Go fóill tá a léir trátaí, duilleoga sailéid agus luibheanna curtha againn. Tá muid ag cuir siolta sa poly tungal fosta, bíonn an teacht níos airde istigh ansin nó taobh amuigh. Ag amharc ar thuar na h-aimsire, tá siad ag rá go mb'fhéidir go mbeidh an aimsir fuar agus sioc anseo ar feadh tamaill agus mar sin tá luchtáir orainn nár chuir muid a dhath taobh amuigh go fóill.

Tá na prátaí istigh in áit dhórcha againn chun iad a ullmhú le cur sa talamh. Tá muid go fóill ag déanamh an talaimh réidh, ag scaipeadh aoiligh air agus á mheascadh le feiceáil ag fás anois tríd an talamh agus is deas an rud é iad seo a fheiceáil, comhartha maith an earraigh, cé go bhfuil gach rud thart orainn chomh dubh le súiche leis na muca.

Tá druil déanta againn fá choinne ár gcuid crainn torthaí, tá siad seo curtha i bpoitá againn agus nuair atá an talamh te go leor beidh muid á gcur amuigh taobh amuigh iad, tá spás áirithe leagtha amach againn fá choinne torthaí agus crainn torthaí, úllgharraí beag agus amach anseo tá súil againn go mbeadh fás maith ann fá choinne a léir torthaí a bheith againn. Tá crainn úll agus péire ag fás chomh maith le crainn spionán agus crainn torthaí eile fosta.

Bhí an chéad bhreith againn ar an fheirm, meannán galánta darbh ainm Bridie, tháinig sí ar an tsaol ar oíche lá Valintín ach ní raibh an tainm Val



Meannán Lá Vaillintín, Bridie



Pasta Fagoli

Leis an aimsir fuar linn go fóill, seo oideas eile fá choinne bia compordacht, nó 'comfort food'. Níl feoil ar bith san oideas pasta seo ach mura maith leat gairleog, tig leat níos lú a chuir sa phota, ach ní bheidh sé chomh blasta!

300g pasta conghigle slánghráin nó cruthanna pasta ar bith eile slánghráin
5 canna trataí mionghearrtha
2 bolba gairleog, mionghearrtha ola olóige
500ml stoc glasraí nó stoc sícín
crág mhaith peirsil, basal agus oragán
salann agus piobar
dhá channa pónaire kidney
I sáspan mór, cuir cúpla

glug maith ola olóige, nuair atá sé te go leor, cuir isteach crág mhaith gairleog, déan cinnte nach ndóigheann sé. An cleas leis an oideas seo, nó an gairleog agus na luibheanna a chuir isteach giota ar ghiota. Ansin cuir isteach na trátaí uilig agus crág mhaith de na luibheanna, déan blaitigh air agus cuir salainn agus piobar isteach. Fan cúpla bomaite agus cuir isteach an stoc. Lig dó bhogfhiuchadh ar feadh 45 bomaite, ag cuir tuilleadh

gairleoge leis ó am go ham. I sáspan eile déan réidh an pasta, nuair atá seo réidh cuir an pasta agus na pónaire kidney isteach leis an anlann trataí. Blais an t-anlann agus má shíleann tú go bhfuil tuilleadh salainn, piobair nó gairleog de dhíth, cuir isteach é. Má tá tú ag iarraidh, thig leat cáis mozzarella a chur isteach ag an deireadh, nó cáis parmesan a ghrátáil air. Thig é a ithe le arán maith. Bain sult as!

fóirsteanach dí agus mar sin bhaistigh muid Bridie uirthi siocair Lá Fheile Bhríde. Tá dhá cheann eile de na gabhair ag dréim Lá Fheile Pádraig agus mar sin má théann gach rud mar is ceart beidh an teach lán.

Breith agus bás; tháinig an t-uasal rua ar cuairt arís chugainn, mharaigh sé triúr de na lacha agus triúr de na cearca, mar is gnáth bhí sé iontach suaimhneach ach rinne sé an t-ionsaí tríd an lán, rud nach dtearna sé roimhe.

Mar sin tá an t-am ag an 'sharp shooter' a theacht amach, cé nach mbainfidh mé aon phléisiúr amach ag scaoileadh an sionnach (má tá mé ábalta) ag an am céanna, caithfidh muid stad a chuir leis na sléachtanna seo.

Sna Réalta

An tUisceadóir

Eanáir 21 - Feabhra 19

Má tá tú chun dul ar thuras an mhí seo, bí cinnte gur eol duit cá bhfuil do cheann scríbe. Agus ná cas ar chlé ach muna bhfuil fíor-ghá ann.



An Tarbh

Aibreán 21 - Bealtaine 21

Má bhuaileann tú do chos in aghaidh an bhalla minic go leor, b'fhéidir go mbrisfeá tríd. Tá an baol ann go mbrisfidh tú do dhroim, áfach.



An tIasc

Feabhra 20 - Márta 20

Ná creid ach an rud a léann tú sna páipéir, agus bí amhrasach faoi chaint na ndaoine. Le gairid tá roinnt mhaith bréaga ag dul thart.



An Cúpla

Bealtaine 22 - Meitheamh 21

Ní stadann an t-am do dhuine ar bith. Beidh seo ina fhaoiseamh agat, mar, le tréimhse anuas, is fada leat an lá.



An Reithe

Márta 21 - Aibreán 20

Is léir go gcaisfadh tú le fear breá ard ceann de na oícheanta seo; stráinséar, ar ndóigh. Ach ná habair focal leis. Gach seans gur garda é.



An Portán

Meitheamh 22 - Iúil 22

Is é an rud is measa fá chlárbar ná go bhfuil sé cáidheach. Ach sin an rud is fearr faoi fosta. N'fheadar an soiléiríonn sin mórán. Agus muna mblaiseann, bíonn fon eitilt ort i dtólamh.



An Leon

Iúil 23 - Lúnasa 23

Téigh amach faoin spéir. Bí airdeálleach agus amharc thart go cúramach. Feicfidh tú rud inteacht nach bhfaca tú ariamh roimhe.



An Scairp

Deireadh Fómhair 24 - Samhain 22

Scéal gairid duitse, a Scairp. Tíocfaidh éinín isteach ar dhoras an tí agat, agus amach arís ar an fhuinneog.



An Mhaighdean

Lúnasa 24 - Meán Fómhair 22

Nuair a théann tú a luí san oíche, bí ag smaointeamh ar an iasc. Scapfaidh an meabhrú seo na droch-mhachnaimh eile.



An Saighdeoir

Samhain 23 - Nollaig 21

Cuimhnigh gur maith an deis, corruair, gan do mhianta a fháil. Mar sin ná bí míshásta nuair a theipeann ort.



An Mheá

Meán Fómhair 23 - Deir. Fómhair 23

Ní bhíonn sé ina cheol i gcónaí ag bean an phíobaire. Seo cúis mhaith dul chuig seisiúin ceoil sa tábhairne.



An Gabhar

Nollaig 22 - Eanáir 20

Bailigh lán doirme de dhuilleoga eidhneáin. Déan sú díofa. Cur píosa cadáis ar maos ann. Agus seo a shacadh suas do ghaosán.





An Draighean

Prunus spinosa

Is go bhfuil mo ghrá-sa mar bhláth an áirne ar an Droighnéan Donn.
(Amhrán traidisiúnta)

Níl iontas ar bith go bhfuil an iomha thuasluaite san fhilíocht, mar gur radharc ar leith an tom seo agus é faoi bhláth. Tá na bláthanna bána measartha beag ach bíonn flúirseacht acu ar na géaga dorcha sula mbriseann na duilleoga amach. Agus mar go gcuireann an crann meatháin (is sin nuair a fhasann planda óg ó phréamhacha ceann eile) go rialta, is minic a mbíonn roinnt mhaith acu le fail ina ghrúpaí. Ag an am seo den bhliain is radharc coitianta tulach nó gleann bánaithe le bláthú an draighin.

Is é an t-ardú teochta is cúis leis an bhláthú agus tá sé suntasach go bhfuil difear míosa idir deisceart na tíre agus an tuaisceart.

Tá an crann sa chine Rosaceae. Tá thart fá 4000 speicis i ngrúpa an Róis. Meastar go bhfuil an cine seo ar cheann de craobh ghinealaigh na bPlandaí Bláthanna is sine dá bhfuil ann. Is ó iontaise a staidir a thagtar ar an dearcadh sin agus is léire iad na bláthanna. Óir is bláth simplí neamhspeisialta atá ag fórmhór sa Rosaceae. Níl said ag brath ar fheithid nó créatúr ar leith chun an pailín a spré. Agus tá seo le feiceáil i gcás an draighin- tagann gach cineál de fheithid chuig na bláthanna ag lorg pailín nó neachtar; beach meala, bumbóg, cuil, faoch, féileacán, bóin Dé agus eile.

Tá sé fíor-thábhachtach don chrann seo go dtagann ceann den dream úd chun na bláthanna a phailiniú, mar gan iad ní bheadh toradh air. Ach mar atá luaite, spréann an crann go fásamhar ó na rútaí, agus thig leis maireachtáil, go pointe áirithe, mar seo. Tá cuid mhaith éanacha, áfach, a bhíonn ag brath go mór ar na

h-áirní mar chuid i rith an ghimhridh. Tá an crann beag seo iontach coitianta ar fud na tíre, fiú in áiteacha foscailte, gan foscadh, mar shampla ar an chósta agus crochta' ar chnocáin.

Déanann an draighean fál sceanach atá maith i gcoinne stoc de bharr go bhfuil sé chomh spionach sin. Tá na géaga féin ina dealga móra. Ach is fearr le feirmeoirí Sceach Gheal *Crataegus monogyna* mar nach spréann sé isteach sna goirt.

Is drúp an tortha a bhíonn ag plandaí sa ghéineis *Prunus*; sé sin méasacarp súmhar thart ar ioncharp crua ina bhfuil síol amháin de gnáth. Tá cuid mhaith crann torraidh a fhástar ar fud an domhain san aicme seo- an almóinn *Prunus dulcis*, an pluma *P. domestica*, na silíní *P. avium*, *P. cerasus*, an phéitseog *P. persica* agus an aibreog *P. armeniaca*.

Tá giniúint na dtorthaí seo i mbaol anois, go háirithe an almóinn i Meirice, de bharr galair nua atá ag scrios na mbeacha meala a phailníonn na bláthanna.

Tá ceann de na féileacán is neamhchoitianta sa tír seo ag brath go hiomlán ar an draighean. Níl an Stiallach Donn *Thecla betulae* le fail ach i gCondae an Chláir agus Gaillimh agus fágtar na huibheacha ina n-aonar gearr do bheachlóg an draighin go dtí go bhfosclaíonn an duilliúr. Is ansin a thagann an chruimh amach chun an beatha ghlas a ithe.

Ach ní mó dó bheith gasta go leor mar níl na duilleoga inite dó ach nuair atá said measartha óg.

Tá crann gaolmhar leis an draighean, *Prunus africana*, as an Aifric, i dtroiblóid na laethanta seo. Tá slad á dhéanamh air siocar go bhfuil druga le fail ón rúsc atá mar leighis

ar fhadhbanna a bhaineann leis an prostráid.
Conall Mac Conn Míre



Saothar ealaíontóirí óga crochta in Áislann Rann na Feirste

Sa ghrianghraf thuas tá cuid de na déagóirí as Club Óige Rann na Feirste a rinne an obair ealaín a crochadh don chead uair san Áislann le linn Deireadh Seachtaine na Gaeilge. (Clé go deas:) Eibhlín Nic Ghairbheith, Maria Nic Ghairbheith, Shane Mac Grianna, Cameron Harley, Jack Mac Daibhid, Bethany Grenham, Maria Nic Ghairbheith, Nóirín Nic Ghairbheith, Fionnuala Nic Giolla Cheara agus Megan Nic Ruairí

(Ar deis:) Tony Mac Ruairí agus an t-ealaíontóir Ian Joyce leis an obair ealaín a rinne daoine óga as Rann na Feirste agus a crochadh den chead uair in Áislann Rann na Feirste le linn Fhéile Dheireadh Seachtaine na Gaeilge an mhí seo a chuaigh thart.



Ruifíneacht: duine a bhíonn ag déanamh rud fá choinne corraí no fearg a chur ar duine eile.

Gága: scoilteann an craiceann ar na lámha ... téann uisce an chaoráin isteach sa ghearradh agus bíonn sé nimhneach ... dá mbeadh craiceann tanaí sna lámha ... gága a thabhrann siad ar an ghearradh ... tagann sé go minic aimsir siocáin agus mar sin de.

Cailleachai: prátaí ... imíonn an tsúil astu ar fad ar fad ... níl maith ar bith duit iad a chur...

Cluiríneach: lead óg nach bhfuil iontach bríomhar ... níl se ábalta mórán a dhéanamh ... níl sé ábalta obair throm ar bith a dhéanamh ... gan aon ghus ann

Úth na bó: *udder* ... tá an úth ar dtús agus na balláin ansin.

Maldar: tá maldar breá ime acu ... cuid mhór ime í gcuideachta ... ach is féidir maldar a úsáid i gcásanna eile ... mar shampla ... tá maldar breá coirce leat.

Priothlaireacht cainte: caint gan siosmaid ... amaidi cainte.

Áthasach: ta na tuismitheoirí iontach athasach ... lúcháir

Cliosmarnaigh: páiste a bheadh ina chodhladh, ach ag léimigh ina chodhladh ... bíonn an babai ag cliosmarnaigh ... ag bogadaigh ina chodhladh.

Posta na leapan: ... ceithre coirneál na leapan ... postai na leapan

Athphoirt: talamh atá glactha ag an fharraige.



Focla Mhicí

Beartaíocht: maith ag baint beartaíochta as an aimsir ... ag tuar na haimsire.

Blagaireacht: maíomh ... ag déanamh mórtais ... blagaireacht chainte.

Camógai cléibhe: ... poill fá choinne na méara a chur isteach ann, leis an chliabh a thógáil do dhuine.

Striongán: bhi striongánacht ann fosta ... ag striongánacht bhainne

Stime: Níl an stime agam ... níl me abalta a dhath a fheiceáil.

Iallacht: dá dtifeadh duine amach le sagart ... ó thit se amach leis an tsagart, ní raibh iallacht air ... níl ádh ar bith air ó shoin ... bhí droch thoradh san

iallacht. Ó bhain se an t-airgead tá iallacht air.

Gath: gath an tsolais ... *ray of light*

Maol: bó nach bhfuil adharca ar bith uirthi ... bó mhaol

Gaolmhar: muintearas

Sceiridúil: aimsir iontach sceiridúil ... *bleak weather*.

Raimsce: duine gan mhuineadh ... níl ann ach raimsce de dhuine.

Brioscáin: luibheanna talaimh a bhíonn ag fas fríd prátaí ... níl maith ar bith iontu.

Uimri: Uimri dhia ort. Cúpla lá eile, agus beidh tú ceart go leor - cineál de bheannacht atá ann ... ag rá leis an duine go bhfuil tú ar mhaithe leis an duine biseach a fháil ...

Na faoiligh: mi Feabhra ... mi na bhFaoilleach a bhíodh ann -

Faoilleach: leftovers ... tá faoilleadh ama ann ... tréan ama

Goradán: bean atá iontach conafach
Faioseamh: sólas no faioseamh ón phian, ón fhulaingt

Ordla: ag tomhais leis na hordogai a bhíodh siad sa tsean am ... tomhas na nordóg ... órlach ar leithead a bhi an ordóg ... ordog i ndiadh an cheann eile.

Osán: leg of trousers ... cur do chos isteach in osan an bhríste.

Dosán: an pairt dena bristi a bhí sios ag mullach na mbróg no na mbutaisi.

Eigín: ceann ag an bhó san eigín ... an áit a chuireann an bhó a ceann san oíche.

Uibheacha faoi thalamh is cúl fáidhe sa phota

Bhínn ag déanamh fiontais de bhean a chuir uibheacha faoin chéir ar thalamh a comharsan d'fhonn nach dtiocfadh rath ar bharrá, ar eallach nó ar dhaoine ar an talamh sin feasta. Sin go dtí anuraidh, nuair a thuig mé go raibh an dubh dorchacht sin im ucht féin.

Bhí siad óg, úr agus álainn. Líon mo chroí le bród ag amharc orthu. Ansin lá, le súil géar máthara, thug mé fá deara nach raibh an bheogacht chéanna i gceann amháin acu. Nuair a leag mé lámh air, ní raibh an téagar ann, an gíog a dhéanann duilleog fholláin cabáiste idir méar agus ordóg. Bhí a préamhacha, nuair a d'amharc mé, lán de phéisteoga bána. Taobh istigh de choicis bhí cromadh i seasca cloigeann de chál. Agus



An Naoscach

le Nóra Chit

líon mo chroí le olc in éadan na gcúileogaí a bhí i ndiaidh a gcuid uibheacha a bhreith taobh le achan ghas, ainneoin an bóna cosanta a bhí thart orthu uilig. Bhruith mé deireadh, préamhacha, cré agus péisteoga, i mbeicéad lán uisce, sa dóigh nach n-éalódh oiread is ceann acu. Bhí mé

mar chailleadh i Macbeth ag cur na seacht mallachtaí ós cionn an phota. Bhí mé comh hólac leis an bhean úd a leag síos na huibheacha le teann mioscaise nach raibh insna cúileogaí bochta ar chor ar bith.

I mbliana, mar chomhartha síochána idir mé agus an nádur, tá caille bhán cosanta ar an cúl mar bhac do'n chuill.

Ó thaobh na míle rudaí eile a chuireann cantal ar gharradóir, go minic bíonn leas comh maith le aimhleas ag baint leo. Tóg an neantóg, ná an cúl fáidhe mar shampla. Ite amh, tá maitheas iontach ann do na cnámha, na scámhogaí agus don fhuil. Tá siad lán iarainn, fosfair agus cailciam agus cuidíonn an Vitimín D atá iontu leis an cailciam a ghlacadh isteach



Sú furast: is féidir sú sláintiúil a dhéanamh as cúl fáidhe a chuireas preab i do choiscéim!

sna cnámha.

Mar sin ná bac le cinnlínte fá "Wonder Foods" úra. Tá

ceann ar fáil saor in aisce ach giota talún a fhágáil di i do gharraí féin. Is iontach an leas

í fosta do thrátaí agus plandaí eile, curtha fríd an mhúirín (gan a phréamh nó a shíolta) nó fágtha ar maos in uisce cúpla lá, agus má dhéanann fear inteacht a mhún ann, sin mar is fearr é.

Beidh togha sú agat le spréadh ar phlandaí.

Agus anois, in aimsear seo na haiséirithe, tóg do chorp agus do chroí féin leis an sú furast "ar an toirt" seo: Cuir spunóg cúl fáidhe miongearrtha i gcupa le spúnóg mór miso (bia fiontaise na Seapáine ar fáil i siopa bí folláine mar Natural Way) agus síobhas agus duileasc miongearrtha Doirt uisce bruite ar seo agus measc. Tá sé fíor-bhlasta agus cuirfidh sé preab i do choiscéim.

Beannachtaí na Cásca díbh uilig.

Lúb ar Lár

le Máire Wren

Bhí clic cleaic na ndealgán chomh rialta le tic teaic an choig i gcistin mo mháthar is í féin agus mo sheanmháthair ina suí cois teallaigh, nuair a bhí an obair baile uilig déanta, bhí geansaithe Árann le cniotáil acu do mhuintir Uí Chinnéide as Ard an Rátha.

Mise i mo luspart linbh mar bheadh uan óg ann ag meidhir le cuach olann íon i ngan fhios daofa ar an urlár go dtí gur thit mé as mo sheasamh agus gur síneadh mé ó lúb go ladhar ar an urlár – an snáth mín cuachta thart orm.

Thóg mo mháthair suas mé mar thógfadh sí lúb ar lár; bhain sí an snáth as an aimhréidh is rinne cion croí liom agus shuigh ar stól beag mé; ansin agus a humhail ar a cuid oibre, d'aithris sí finscéal Cheamach na Luatha Buí dom.



Maggie Phaidí Mhaighréaide ag cniotáil sa bhaile

Phioc mise na sméara dubha agus bhlaiss mé an chíor mheala a bhí á chniotáil aici i bpatrún an gheansaí Árann, shamhail mé an Cheamach gléasta ag imeacht i gcóiste — thit mé i mo chodladh is mo chloigeann ar a glúine, ceol na ndealgán mar shuantraí agam.

Ní raibh a fhios acu siúd a chaith na geansaithe na daoine gan iomrá a chniotáil iad is ní fhaca siad na lámha aclaí ag tochardadh na gcutaí is ag obair leis an olann íon ag méaradradh leis na tsnáth is á mhúnlú go healaíonta.

Ní raibh bun cleite amach ná barr cleite isteach sna geansaithe Árann adaí ach chuaigh an buanmhas agus an teacht aniar a bhain leo chun sochair do na coimhthíocha. Díoladh iad ar fud an domhain mhóir is ní bhfuair mo mháthair is mo sheanmháthair ach cúpla punta as a luach saothair.

Gradam Uí Néill d'fhile Chois Claidí

Bhain seanchara dílis le Goitse, Máire Dinny (ar dheis) as Cois Claidigh, Comórtas Filíochta Uí Néill i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo lena dán Lúb ar Lár. Reachtáladh an comórtas mar chuid de Chuairt na bhFilí Albanacha 2011. Tá an dán (atá foilsithe againn thuas) faoina máthair mór Maggie Phaidí Mhaighréaide.



Goitse

Más mian leat seaneagrán de Ghoitse a cheannacht déan teagmháil linn ag goitsenuacht@gmail.com

Tacaigh le do nuachtán áitiúil!





San ionad siopadóireachta bhí na daoine ag stopadh agus ag stánadh; eagla sna súile acu. Tháinig fuascar ar chuid acu agus d'fhág siad a mbascáidí siopála uathu ag teitheadh daofa. An méid a d'fhan, lean siad ag stánadh; ina bhfinnéithe scanraithe ag fáil locht agus ag tabhairt breithiúnais. Aghaidheanna ag ceistiú: Cá tuige nach stopann tú í? Nach dtig leat ball éadaigh a chaitheadh uirthi? Cá tuige an rud gránna seo romhainn?

Chuaigh sí síos pasáiste láir an tsiopa ag strócadh anuas earraí óna seilfeanna; buidéal, potaí subh agus anlainn: soithigh gloine uilig. Á dtarraingt anuas ar an urlár agus á mbriseadh ina míle píosa. Shiúl sí ansin, costarnocht, suas an pasáiste ar an ghloine bhriste, a léine gheal síos thar a tóin, a cosa dearg le fuil agus an tsubh mhilis ó na potaí; meangadh mire uirthi faoina cuid clibíní gruaige. Shiúl sí ar an ghloine bhriste lena cosa nochta gan stangadh.

Sheasaigh mise ansin gan bogadh: mé bodhar, gan a fhios agam caidé ab fhéarr a dhéanamh, ach dá mbeadh a fhios féin, gan mé ábalta bogadh ón áit. Níor thuig mé cad chuige nach raibh sí ag caoineadh nó screadaigh, agus gur mhothaigh mise mar a mhothaigh: marbh.

Bhí fhios agam go raibh siad ag amharc orm, mo lochtú. Déistin orthu. Sheasaigh mé ansin le mo bhascáid i mo lámh, gan ann ach lítear bainne agus bonnóg aráin bháin.

Tháinig tuilleamh daoine as áiteacha eile sa tsiopa agus sa deireadh tháinig fear slándála a raibh cuma Pholannach air le raidió ina lámh, culaith néata gorm air. Mhoilligh sé nuair a chonaic sé í, agus ansin stad sé. Sheasaigh sé ag amharc thart uaidh ar na haghaidheanna eile a d'amharc ar ais, ach tuigbheáil ar bith níos glinne ní bhfuair sé. D'amharc sé uirthise, í ag toiseacht a chrith anois ansin ar an urlár, gan fhios aigesean caidé le déanamh ach oiread, agus sheasaigh sé ansin mar cheann de na finnéithe eile.

Ghlan mé mo sceadamán le labhairt, chun rudaí a shoiléiriú: Ní raibh de dhíth orm ach bainne agus arán agus píosa feola

Tá achan rud i gceart

Gearrscéal le hEoghan Mac Giolla Bhríde

'Bhí fhios agam go raibh siad ag amharc orm, mo lochtú. Déistin orthu. Sheasaigh mé ansin le mo bhascáid i mo lámh, gan ann ach lítear bainne agus bonnóg aráin bháin.'

don dinnéar. Tá achan rud i gceart. Tá croí maith agam. Trí mhí ó shin d'iarr mé ardú páighe agus fuair mé é. Cheannaigh mé péire bróg daor leathair domh féin agus bráisléid airgid díse le ceiliúradh. Ólann muid fion dearg leis an dinnéar. Ní mhothaím rud ar bith. Amanna músclaím as mo chodladh agus ní bhím ábalta fiú méar a bhogadh. Thit mé i ngrá le cailín as mo rang nuair a bhí mé cúig bliana déag agus nuair a d'fheicfinn í bheinn réidh le pléascadh. Tá mo chroí anois bodhar agus cnapha. Thug m'athair le fios domh nuair a bhí mé ocht mbliana déag gur mná a bhí in ainm dhul sa tóir ar na fir agus stad mé den tóraíocht. Níl mé ag iarraidh maithiúnais nó comhairle. Tá grá agam di cé nach ndeirim é.

Ach ní thioctadh na focail agus sheas mé gan dadaidh a rá.

Bhí sí ina cnap ar an urlár ag crith.

Chuaigh an fear slándála suas fhad léi. Chuala mé trup an otharchairr nó gardaí. Chrom an fear slándála agus chur a lámh ar a gualainn. Chroith sé í agus d'fhiach í a mhuscldh. Chas sé thart agus d'amharc sé go cúisíoch ormsa.

D'amharc na daoine eile orm. Lig mé don bhascáid titim ó mo lámh. Thug mé iarraidh rith ach ní ligfeadh na cosa domh:

Ní thuigeann sibh. Tá lorgacha ar mo dhroim go fóill áit ar bualadh mé nuair a bhí mé óg mar nach ndéanfainn na rudaí a iarradh orm. Tá na cneacha orm go fóill.

'Is féidir liomsa cuidiú. Tá tuigbheáil agam ar na rudaí seo,' arsa mise. 'Tabhair uisce di, sin an rud atá uaithe.'

'Ní bheir muid uisce do dhaoine sa staid seo. Thachtódh sé í,' a dúirt an fear slándála.

Bhí na daoine eile ag brú agus ag cromadh isteach níos cóngaraí. Ní raibh mé ábalta í a fheiceáil i gceart níos mó.

'Amharc ar a cuid liobracha. Tá siad tirim agus gorm. Tabhair uisce di. Fiú spúnóg bheag amháin.'

'Chuala tú an fear. Ní bheirtear uisce dothair. Thioctáí a thachtadh.'

'Níl a fhios agaibhse í. Níl taithí agaibh uirthi. Ní thuigeann sibh í. Ní thuigeann sibh mise. Tá grá aici domhsa amháin. Tá sí ar crith.'

Thoisigh na soilse sa tsiopa ag dul as, ceann ar cheann, agus d'éirigh an fear slándála.

Tháinig glór thar na callairí: Tá an siopa seo dúnta. Déanaigí bhur mbealach go dtí an tseiceáil amach, le bhur dtoil. Tá an siopa seo anois dúnta.

'Déanaigí bhur mbealach amach anois,' a dúirt an fear slándála.

Frid na daoine chonaic mé lámha s'aici ar an urlár agus bhí siad cosúil le lámha máthara. Rinne mé mo bhealach isteach chuici fríd na daoine de réir mar a scaip siad. Bhí an fhuil ag rith óna cosa amach ar an urlár ag déanamh loch dearg ar na tileanna agus ag sileadh síos idir gága an urláir. Bhí sí cnaptha ina cnap agus a sciatháin tarraingthe isteach faoina hucht, a corp beag ar crith gan stad.

Chuaigh mé ar mo ghlúine ag a taobh. 'Shinéad. Shinéad, an gcluin tú mé? Mise atá ann. Cá tuige a dtearn tú seo? Cá

tuige an gcaithfidh tú achan rud a mhilleadh? Cá tuige nach dtig leat choiche rá go bhfuil tú buartha?'

Mhothaigh mé lámh an fhir slándála ar mo ghualainn agus tharraing sé siar mé. 'Lig di. Seas siar.'

Bhí na súile foscaite ach bhí sí gan urlabhra. Bhí crith sna liobracha agus í ag anáil go géar gasta. Rinne mé iarraidh póg a thabhairt di ach tairrgeadh siar mé go garbh agus tugadh orm seasadh. Lasadh na soilse uilig arís agus bhí beirt fhear agus bean otharlainne ansin le sínteán lena tógáil leo. Rinne siad neamhiontas dena cuid creacha agus thoisigh siad ag iarraidh í a thabhairt thart.

Smaointigh mé ar an fheoil. Smaointigh mé ar an dinnéar agus ar an anlann a bhí le déanamh. Ní raibh rud ar bith eile uainn. Bhí achan rud díreach i gceart.

B'ise a thiomáin mar go raibh mise i ndiaidh cúpla deoch a bheith agam sa teach agus léim sí sa charr gan uirthi ach léine fhada gheal agus thiomáin sí mé go dtín ionad siopadóireachta.

Bhí a fonn i ndiaidh athrú sa charr agus bhí sí ag ceol. Mise i mo shuí ag amharc amach an fhuinneog gan a bheith ag éisteach léi. Guth soineanta neamhmillte s'aici ina guth neamhchúthalach, réidh le briseadh. Tiontaíonn sí ar an cheol le diúnas nuair nach maith lena cluasa cluinstit, ach bíonn sin difriúil. Anois bhí sí ag ceol go binn cosúil le ceoltóir gairmiúil. Níor lig sí uirthi féin go raibh rud ar bith contráilte, bhí sé cosúil le dá mbeadh sí á shéanadh go hiomlán.

Bhí an fhearg ag éirí istigh ionam, ag bruidearnaigh agus ag bruith. Ag cuartú bealach éalaithe. Choinnigh mé istigh é agus roimh i bhfad bhí achan rud glan agus fíor cosúil leis an aer úr ar lá crua seaca. Mhothaigh mé suaimhneas nach raibh agam le fada.

Labhair mé go ciúin réidh léi i bhfocail a bhí briosc agus cruinn. Mhínigh mé caidé mar a mhothaigh mé agus chuala sí mé. D'inis mé achan rud di ach ní raibh grá ar bith sna focail. Bhí siad fuar agus folamh.

D'éirigh mé as an charr agus shiúl mé isteach go dtín ionad siopadóireachta go réidh cinnte, fad agus d'fhan sise sa charr ag ceol léi féin.

Goitse

Glac fógra le do nuachtán áitiúil

Rátaí fógralochta an-réasúnta ar fáil ach teagmháil a dhéanamh linn ag goitsenuacht@gmail.com

Ar an Raidió

Sláinte Mhaith

RTÉ Raidió na Gaeltachta
Dé Sathairn 16 Aibreán

Sraith faoi chúrsaí sláinte í seo agus san eagrán seo tá fócas ar an cheangal atá idir an bia a ithimid agus ár sláinte. Cad iad na cineálacha bia atá go maith dúinn agus cén fáth? Agus cad iad na saghasanna bia a bhfuil drochéifeacht acu ar ár sláinte? I measc na n-aíonna an tseachtain seo beidh an diatéiteach Marie Gallagher sa stiúideo le hinsint dúinn faoin dóigh leis na lipéidí ar phacáistí bia a léamh agus a thuigbheáil i gceart. Beidh moltaí ag Anna Ní Mhaonaigh dúinn faoin dóigh ar féidir linn cur leis an éagsúlacht bia a itheann muid le cur lenár sláinte, agus inseoidh Henry Rowen, fear atá ina chuid seascaidí agus bonn óir aige don rásaíocht tras-tíre, dúinn faoin bhia a itheann seisean agus an bia a sheachnaíonn sé lena choinneáil aclaí agus folláin. Is í Anna Ní Bhroin a chuirfidh an clár i láthair. Bíonn athchraoladh ar an chlár seo le cloisteáil sa tráthnóna ag 6.30pm.

Spórt an tSathairn

RTÉ Raidió na Gaeltachta
Dé Sathairn 16 Aibreán 2in

Beidh maithe agus móruaisle Chumann Lúthchleas Gael bailithe le chéile sa Mhuileann gCearr an deireadh seachtaine seo do chomhdháil bhliantúil na

heagraíochta, áit a dtogfar an tUachtarán nua. Beidh an clár á chraoladh beo ón Chomhdháil inniu. Á chur i láthair ag Seán Bán Breathnach.

An Seisiún Acústach

RTÉ Raidió na Gaeltachta
Dé Sathairn 16 Aibreán 11.30in

Is é an t-amhránaí Enda Reilly ó Thamhlacht i mBaile Átha Cliath agus cara mór leis an Chabaret Craiceáilte anse, an ceoltóir a bheidh le cluinint ar an chlár anocht. Chuir Enda suim sa cheol den chéad uair agus é ina leaid óg ar an dreoilín i gCo. Mhaigh Eo. Bíonn sé ar stáitse go rialta san ardchathair lena ghrúpa The Lazy Band. Scríobhann sé amhráin cheoil tíre agus pop i mBéarla agus i nGaeilge agus tá anáil leithéidí John Martyn, Nick Drake, The Beatles, Christy Moore, Paul Brady agus Dick Gaughan le cluinint orthu. D'eisigh sé a chéad albam Oxygen 21 i 2008 agus bíonn a chuid amhrán le cloisteáil go rialta ar Raidió na Gaeltachta. Anocht, beidh sé i mbun comhrá le Cathal Ó Cuaig faoina chuid ceoil, agus casfaidh sé seisiún acústach dúinn.

Agallamh na Seachtaine

RTÉ Raidió na Gaeltachta
Dé Domhnaigh 17 Aibreán 1.15in

Is é Donnchadh Ó Baoill a bheidh faoi agallamh ar chlár na seachtain



An Seisiún Acústach le hEnda Reilly

seo, agus is é an idirphlé idir an Ghaeilge agus an Béarla in Iarthar Dhún na nGall an t-ábhar a bheidh faoi chaibidil. Á chur i láthair agus á léiriú ag Séamus Mac Géidigh.

Scéalta ó na hOileáin

RTÉ Raidió na Gaeltachta
Dé hAoine 22 Aibreán 4.10in

Míreanna ó chartlann na nDoirí Beaga faoin tsaol mar a bhí ar oileáin Dhún na nGall a bheidh le cluinint ar an chlár seo inniu. Cluinimid cur síos ar na chéad daoine a chónaigh ar Inis Bó Finne, déanfaidh an chéad rí ar Oileán Thoráí, Pádraig Óg Mac Ruairí, cur síos ar chuid de na heachtraí a tharla dó féin, agus beidh Séan Ó hEochaidh ag cur síos ar stair Reachlainn Uí Bhírn agus ar

sheanchas as Arainn Mhór. Láithriú agus léiriú le Séamus Mac Géidigh.

Nótaí Ceoil le Fiachna Ó Braonáin

RTÉ Raidió na Gaeltachta
Dé hAoine 22 Aibreán 9in

Is é an t-amhránaí agus an ceoltóir iomráiteach Paul Brady a bheidh i gcuideachta Fhiachna Uí Bhraonáin ar an chlár anocht. As an tSráth Bán i dTír Eoghain do Phaul, agus aithne mhaith air ar fud na tíre agus níos faide i gcéin. Shein sé leis na grúpaí The Johnstons agus Planxty sna seascaidí agus sna seachtóidí, ach tá sé ag treabhadh an ghoirt mar cheoltóir aonair le blianta fada anois. D'eisigh sé a cheathrú



Nótaí Ceoil i gcuideachta Paul Brady

halbam déag sa bhliain 2010, Hooba Dooba, agus tugadh ardmholadh dó. Ar an chlár inniu beidh Paul ag caint ar na cuimhní cinn atá aige ar bhliain faoi leith, agus cluinimid a rogha ceoil



Scéalta ó na hOileáin: Inis Bó Finne, Toraigh agus Árainn Mhór

Busanna Uí Ghallchóir Patrick Gallagher Coaches

Seirbhís laethúil idir Anagaire agus Béal Feirste



info@gallagherscoaches.com
00353 (0)74 9531107
00353 (0) 87 2330888 / 2245848
Fax: 00353 (0)74 9532873

www.gallagherscoaches.com

Glac fógra le Goitse

Rátaí fograíochta an-réasúnta ar fáil
ach teagmháil a dhéanamh linn ag
goitsenuacht@gmail.com

Tacaigh le do nuachtán áitiúil!

CABARET CRAICEÁILTE


TEACH HIÚDAÍ BHIG • AN BUN BEAG • GAOTH DOBHAIR
9IN DÉ SATHAIRN 30 AIBREÁN 2011

Daithí Ó Drónaigh

Henrietta Game

Feargal Ó Béarra

Katrina Garcia



RÁTA SPEISIALTA
LÓISTÍN & BRICFEASTA:
TEACH CAMPBELL
074 9531545
Luaigh: 'RÁTA CRAICEÁILTE'
€25 do sheomra singil
€20 an duine
i seomra
do bheirt/triúr

TAISTEAL AS GAILLIMH LE
BUSANNA FEDA
091 761656

Is féidir tairiscéal as BÁC le
BUSANNA MCGINLEY
www.johnmcginley.com
074 9135201



**OLLMHARGADH
UÍ GHALLCHÓIR**
Ollmhargadh & Eisceadainis
Dein Beaga

siopa
mhácc
bonner
Machaire
ChLochair

BIA & DEOCH
Teach Sheáin Óig
Bia ar fáil go dtína 9pm